



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2025

## CUNTASAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

(400 marc)

Dé Céadaoin, 18 Meitheamh- Tráthnóna, 2.00 - 5.00

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

**Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).**

Tá ceithre cheist sa roinn seo (na huimhreacha 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist (**A nó B**) agus tá 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 (A nó B) amháin** a fhreagairt **NÓ DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo a fhreagairt.

**Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).**

Tá trí cheist sa roinn seo (na huimhreacha 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh. Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann de na ceisteanna seo a fhreagairt.

**Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).**

Tá dhá cheist sa roinn seo (uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh. Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

**Áireamhain**

Is ceadmhach áireamhain a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo a bhfreagairt. Tá sé fíorthábhachtach an t-oibriú amach a thaispeáint sa fhreagarleabhar / sna freagarleabhair sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart.

**ROINN 1 (120 Marc)**  
**Freagair Ceist 1(A NÓ B)**  
**NÓ**  
**DHÁ cheist ar bith eile**

**1. Freagair (A) NÓ (B)**

**(A) Cuntais Deiridh – Trádálaí Aonair**

Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as leabhair M Uí Chonaill ar an 31/12/2024:

|                                                                       | €         | €         |
|-----------------------------------------------------------------------|-----------|-----------|
| Talamh agus foirgnimh                                                 | 870,000   |           |
| Soláthar in aghaidh dímheasa – foirgnimh                              |           | 95,000    |
| Veaineanna seachadta (costas €132,000)                                | 110,500   |           |
| Paitinní                                                              | 62,400    |           |
| Infheistíochtaí 3% a fuarthas ar an 01/06/2024                        | 120,000   |           |
| Féichiúnaithe agus creidiúnaithe                                      | 73,500    | 63,000    |
| Stoc 01/01/2024                                                       | 62,500    |           |
| Ceannacháin agus díolacháin                                           | 622,400   | 884,300   |
| Lascaine (glan)                                                       |           | 9,900     |
| Coimisiún                                                             | 15,000    |           |
| Cíos (01/01/2024 go dtí 31/08/2024)                                   |           | 17,600    |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach                                       |           | 3,600     |
| Tuarastail agus speansais ghinearálta                                 | 129,600   |           |
| Árachas (fionraí san áireamh)                                         | 20,900    |           |
| Morgáiste seasta 6% (€70,000 a fuarthas ar an 01/06/2024 san áireamh) |           | 220,000   |
| Ús morgáiste a íocadh do na chéad naoi mí                             | 7,400     |           |
| Fógraíocht (ioncam infheistíochta trí mhí san áireamh)                | 4,200     |           |
| CBL                                                                   | 13,800    |           |
| Banc                                                                  |           | 30,100    |
| ÍMAT, ÁSPC & MSU                                                      |           | 19,800    |
| Tarraingtí                                                            | 13,700    |           |
| Caipiteal                                                             |           | 782,600   |
|                                                                       | 2,125,900 | 2,125,900 |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Bhí luach €84,000 ar stoc ar a chostas ar an 31/12/2024. San áireamh san fhigiúr sin tá stoc sin a chosain €10,600, a ndearnadh damáiste dó ina dhiaidh agus a bhfuil glanluach inréadaithe €8,300 anois air.
- (ii) Tá paitinní a ndíscríobh thar thréimhse 6 bliana a thosaigh in 2022.
- (iii) Déan soláthar in aghaidh dímheasa ar veaineanna seachadta ar ráta bliantúil 15% dá gcostas ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.

**NÓTA:** Ar an 30/06/2024 rinneadh veain seachadta, a chosain €35,000 ar an 31/08/2022, a thrádáil isteach in aghaidh veain nua a chosain €48,000. Tugadh lamháltas €23,200 ar an tsean-veain. Iontráladh an seic do ghlanmhéid an bhirt seo sa chuntas bainc ach caitheadh go hearráideach leis mar cheannachán stoic trádála. Ní dhearnadh aon iontráil eile sna leabhair.

- (iv) Ag deireadh mhí na Nollag 2024, rinneadh earraí a raibh praghas miondíola €14,760 orthu (CBL 23% san áireamh) a dhíol ar cairde. B'ionann sin agus marcáil suas 20% ar chostas. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair. Níor seoladh na hearraí ón trádstóras go dtí 05/01/2025.
- (v) Tarlaíonn an figiúr fionraí mar gheall ar fhigiúr earráideach don ús morgáiste (cé go ndearnadh an iontráil cheart sa chuntas bainc) agus íocaíocht €5,400 i dtreo ÍMAT, ÁSPC agus MSU a iontráladh ar an taobh mícheart den chuntas bainc.
- (vi) Fuarthas seic €1,600 ar an 31/12/2024 i dtaca le fiach €3,200 a díscríobhadh roimhe sin mar dhrochfhiach. Is mian leis an bhféichiúnaí leanúint ar aghaidh ag trádáil le hÓ Conaill agus tá sé aontaithe aige an leath eile den fhiach a íoc laistigh de mhí amháin. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair maidir leis an mbeart sin.
- (vii) Ní dhearnadh taifead ar bith ar earraí a thóg Ó Conaill le haghaidh úsáid phríobháideach le linn na bliana. Bhí luach miondíola €12,900 ar na hearraí sin, is é sin, an costas móide 20%.
- (viii) Ceannaíodh trádstóras nua le linn na bliana ar €102,150, CBL 13.5% san áireamh. Iontráladh an méid a íocadh leis an díoltóir sa chuntas talaimh agus foirgneamh. Ní dhearnadh aon iontráil sa chuntas CBL.  
Déan soláthar in aghaidh dímheasa ar fhoirgnimh ar ráta 2% dá gcostas in aghaidh na bliana. (€100,000 a bhí ar an talamh ar a chostas.)  
Rinneadh cinneadh an talamh agus na foirgnimh a athluacháil ar €1,100,000 ar an 31/12/2024 agus níor léiríodh é sin sna cuntais go fóill.
- (ix) Ba chóir soláthar a dhéanamh dóibh seo a leanas:
  - 1. Cíos dlite ar an 31/12/2024.
  - 2. Ús morgáiste dlite agus ioncam infheistíochta dlite.
  - 3. Rinneadh aistriú bainc €1,500, le creidiúnaí mar lánghlanadh ar fhiach €1,650.
  - 4. Tá soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú go 5% de na féichiúnaithe.

**Iarrtar ort:**

- (a) Cuntas trádála, brabúis agus cailteanais a ullmhú don bhliain dar críoch an 31/12/2024. (75)
- (b) Clár comhardaithe a ullmhú mar a bhí ar an 31/12/2024. (45)

**(120 marc)**

**(B) Cuntais Deiridh Cuideachta**

Tá caipiteal údaraithe €1,700,000 ag Ó Cathail Teo., roinnte ina 1,200,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 500,000 scair thosaíochta 4% ar €1 an ceann. Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as a leabhair ar an 31/12/2024:

|                                                                | €         | €         |
|----------------------------------------------------------------|-----------|-----------|
| Talamh agus foirgnimh (€200,000 a bhí ar an talamh ar chostas) | 1,300,000 |           |
| Soláthar in aghaidh dímheasa - foirgnimh                       |           | 150,000   |
| Veaineanna seachadta (costas €290,000)                         | 210,000   |           |
| Paitinní (ioncam infheistíochta 4 mhí san áireamh)             | 30,600    |           |
| Infheistíochtaí 3% (a fuarthas ar an 01/07/2024)               | 160,000   |           |
| Bintíúir 6% (€80,000 a eisíodh ar an 01/04/2024 san áireamh)   |           | 240,000   |
| Féichiúnaithe agus creidiúnaithe                               | 104,200   | 88,500    |
| Stoc 01/01/2024                                                | 82,600    |           |
| Ceannacháin agus díolacháin                                    | 1,440,000 | 1,860,000 |
| Lascaine (Glan)                                                |           | 11,700    |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2024                  | 43,400    |           |
| Díbhinní a íocadh                                              | 26,000    |           |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach                                |           | 5,300     |
| Tuarastail agus speansais ghinearálta (fionraí san áireamh)    | 225,500   |           |
| Scairchaipiteal eisithe – gnáthscaireanna                      |           | 800,000   |
| – scaireanna tosaíochta 4%                                     |           | 450,000   |
| Fógraíocht                                                     | 24,000    |           |
| Táillí stiúrthóirí                                             | 45,000    |           |
| CBL                                                            |           | 19,200    |
| Banc                                                           |           | 32,000    |
| ÍMAT, ÁSPC agus MSU                                            |           | 24,600    |
| Ús bintíúir do na chéad naoi mí                                | 10,000    |           |
| Cúlchiste caipitil                                             |           | 20,000    |
|                                                                | 3,701,300 | 3,701,300 |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Bhí luach €86,200 ar stoc ar a chostas ar an 31/12/2024. San áireamh san fhigiúr sin tá stoc a chosain €5,200, a ndearnadh damáiste dó ina dhiaidh agus a bhfuil glanluach inréadaithe €2,400 anois air.
- (ii) Tá paitinní, (ioncam infheistíochta 4 mhí san áireamh), a ndíscríobh thar thréimhse 5 bliana a thosaigh in 2023.
- (iii) Déan soláthar in aghaidh dímheasa ar veaineanna seachadta ar ráta bliantúil 15% dá gcostas ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.  
**NÓTA:** Ar an 31/05/2024 rinneadh veain seachadta, a chosain €46,000 ar an 30/09/2021, a thrádáil isteach in aghaidh veain nua a chosain €60,000. Tugadh lamháltas €23,000 ar an tsean-veain. Iontráladh an seic do ghlanmhéid an bhirt seo sa chuntas bainc, ach caitheadh go hearráideach leis mar cheannachán stoic trádála. Ní dhearnadh aon iontráil eile sna leabhair maidir leis an mbeart sin.
- (iv) Chuir féichiúnaí, a raibh €22,000 dlite aige do Ó Cathail Teo., seic €21,600 mar lánghlanadh comhaontaithe ar an bhfiach. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair maidir leis an mbeart sin.
- (v) Tarlaíonn an figiúr fionraí mar gheall ar an bhfigiúr mícheart d'ús bintiúir agus íocaíocht CBL €2,000 a iontráladh ar an taobh mícheart den chuntas CBL. Iontráladh an dá bheart i gceart sa chuntas bainc.
- (vi) Le linn na bliana, scrios dóiteán seomra stórais a chosain €20,000 agus stoc a chosain €11,000. Shocraigh an chuideachta árachais €29,000 mar chúiteamh ar an damáiste a rinne an dóiteán. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair maidir leis an dóiteán.  
Thóg oibrithe an ghnólachta féin stóras nua. Caitheadh le costas a gcuid saothair, €25,000, mar speansas gnó agus tógadh na hábhair, a chosain €58,000, ó stoc an ghnólachta. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair maidir leis an stóras nua.
- (vii) Baineann an figiúr don fhógraíocht le feachtas 12 mhí a thosaigh ar an 01/05/2024.
- (viii) Ní dhearnadh taifead ar bith sna leabhair i gcás earraí faoi bhealach ar an 31/12/2024. Fuarthas an sonrasc le haghaidh €13,776 ón soláthraí do na hearraí sin. Bhí ráta CBL 23% san áireamh ansin.
- (ix) Molann na stiúrthóirí:
  - 1. Go ndéanfaí soláthar d'ioncam infheistíochta dlite agus d'ús bintiúir dlite araon.
  - 2. Go ndéanfaí soláthar in aghaidh drochfhiach a choigeartú go 5% de na féichiúnaithe.
  - 3. Go ndéanfaí dímheas ar fhoirgnimh ar 2% dá gcostas.
  - 4. Gur cheart coimisiún bónais 3% a íoc leis an stiúrthóir bainistíochta ar na díolacháin go léir os cionn €1,200,000, agus 4% breise ar na díolacháin go léir os cionn €1,600,000.

**Iarrtar ort:**

- (a) Cuntas trádála, brabúis agus caillteanais a ullmhú don bhliain dar críoch an 31/12/2024. (75)
- (b) Clár comhardaithe a ullmhú mar a bhí ar an 31/12/2024. (45)

**(120 marc)**

## 2. Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe

Léirigh cuntas rialúcháin mhórleabhar na bhféichiúnaithe ag G. Ní Fhlaithimhín na hiarmhéideanna seo a leanas: €32,500 dr agus €580 sr ar an 31/12/2024. Níor réitigh na figiúirí sin le sceideal (liosta) iarmhéideanna na bhféichiúnaithe a baineadh amach ar an dáta céanna.

Léirigh scrúdú ar na leabhair an t-eolas seo a leanas:

- (i) Caitheadh le lascaine €52 nár lamháladh do chustaiméir mar lascaine a lamháladh sa chuntas lascaine.
- (ii) Breacadh ús €70, a cuireadh de mhuipear ar chuntas custaiméara a bhí dlite thar téarma, sa chuntas úis mar €95. Tar éis don chustaiméir gearán a dhéanamh laghdaíodh sin go €35. An t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair ná gur iontráladh an laghdú ar an taobh mícheart de chuntas an chustaiméara.
- (iii) Le bheith cruinn faoi, i gcás an fhéichiúnaí a raibh aisíocaíocht €580 dlite dó ar an 31/12/2024, aisíocadh leath an mhéid a bhí dlite dó leis. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair.
- (iv) D'iontráil Ní Fhlaithimhín díolacháin €2,360 ar thaobh an tsochair de chuntas custaiméara. San áireamh ansin bhí díolacháin airgid €1,400. Ní dhearnadh aon iontráil sa chuntas díolachán.
- (v) Sheol Ní Fhlaithimhín sonrasc chuig custaiméir le haghaidh earraí a díoladh. €2,000 a bhí ansin san iomlán, lúide CBL. Tugadh lascaine trádála 20% don chustaiméir. Gearrtar CBL 23% ar earraí a dhíoltar. Rinneadh an iontráil cheart sa leabhar lae cuí ach ní dhearnadh aon iontráil i gcuntas an chustaiméara.
- (vi) Ghlac Ní Fhlaithimhín le haischuir díolachán €400 ó chustaiméir agus bhreac sí é sin i gceart sna leabhair. Sheol an bainisteoir cuntas nóta creidmheasa ar a raibh táille athstocála 10% den phraghas díola ach ní dhearna an coigeartú cuí ach i gcuntas an chustaiméara amháin. Laghdaíodh sin níos déanaí go 6% ach níor léiríodh an laghdú sin sna cuntais.

### Iarrtar ort:

- (a) Cuntas rialúcháin mhórleabhar coigeartaithe na bhféichiúnaithe a ullmhú. (28)
- (b) Sceideal coigeartaithe na bhféichiúnaithe a ullmhú a léiríonn an t-iarmhéid tosaigh. (24)
- (c)
  - (i) Cúiseanna a shainaithint a bhféadfadh iarmhéid tosaigh sochair a bheith i gcuntas rialúcháin féichiúnaithe.
  - (ii) Breac-chuntas a thabhairt ar na buntáistí a bhaineann le cuntais rialúcháin féichiúnaithe a choinneáil. (8)

(60 marc)

### 3. Athluacháil Sócmhainní Seasta

Ullmhaíonn Bóinn Teo. a gcuntais don dá mhí dhéag dar críoch 31 Nollaig gach bliain. Ar an 1 Eanáir 2020, bhí réadmhaoin ruilse ag Bóinn Teo. a chosain €740,000. San áireamh ansin, bhí €280,000 de thalamh agus €460,000 d'fhoirgnimh. Déanann an cuideachta dímheas ar fhoirgnimh ar ráta 2% sa bhliain de réir mhodh an mhéid chothroim. Is é polasaí na cuideachta dímheas bliana iomláine a ghearradh sa bhliain ina nglactar seilbh ar réadmhaoin agus gan aon dímheas a ghearradh i mbliain a diúscartha. Ceannaíodh an réadmhaoin ar an 01/01/2016 agus gearradh dímheas in aghaidh brabús i ngach ceann de na blianta ina dhiaidh sin. (Ní dhéantar talamh a dhímheas)

Baineadh na sonraí seo a leanas as leabhair an ghnólachta.

- 1 Ean. 2020 Rinneadh an réadmhaoin a athluacháil, a ceannaíodh ar 01/01/2016 ar €980,000. Bhain €330,000 den athluacháil sin le talamh.
- 1 Ean. 2021 Díoladh ar €430,000 talamh a chosain €280,000 ach a athluacháladh ina dhiaidh sin ar an 01/01/2020.
- 1 Ean. 2022 Ceannaíodh foirgnimh ar €320,000. Le linn na bliana 2022, íocadh €150,000 le conraitheoir foirgníochta as síneadh a chur leis na foirgnimh sin a ceannaíodh le déanaí. D'oibrigh fostaithe na cuideachta féin ar an síneadh freisin agus d'íoc Bóinn Teo. pá €90,000 leo as an obair sin. €10,000 a bhí ar na táillí dlí agus proifisiúnta a bhain leis an síneadh.
- 1 Ean. 2023 Rinneadh foirgnimh a athluacháil ar €1,403,000 (méadú 15% i gcás gach foirgnimh).
- 1 Ean. 2024 Díoladh ar €820,000 na foirgnimh a bhí faoi úinéireacht ar an 01/01/2020. Rinneadh an chuid eile de na foirgnimh a athluacháil ar €840,000.

#### Iarrtar ort:

- (a) (i) Na cuntais mhórleabhair ábhartha a ullmhú i dtaca leis na bearta thuas i gcás gach ceann de na blianta dar críoch an 31/12/2020 go dtí an 31/12/2024. (Níl cuntais bairc ná cuntas brabúis agus caillteanais ag teastáil).
- (ii) An sliocht cuí as an gclár comhardaithe mar a bhí ar an 31/12/2024 a thaispeáint. (52)
- (b) (i) Míniú a thabhairt ar an bhfáth a bhfuil sé tábhachtach go ndéanann gnólachtaí athluacháil ar a gcuid sócmhainní seasta.
- (ii) Tá coincheap na comhsheasmhachta ar cheann de na ceithre choincheap bhunúsacha sa chuntasaíocht. Mínigh coincheap na comhsheasmhachta agus tagairt agat do na cuntais a d'ullmhaigh tú i gcuid (a). (8)

(60 marc)

#### 4. Gnólacht Seirbhíse

San áireamh i sócmhainní agus i ndlíteanais B. Nic Bheinéid, fiaclóir, ar an 01/01/2024, bhí an méid seo a leanas:

Clinic ar chostas €400,000; trealamh ar chostas €150,000; infheistíochtaí 5% €40,000; stoc soláthairtí fiaclóireachta €10,500; stoc ola téite €1,600; creidiúnaithe na soláthairtí fiaclóireachta €4,500; táillí dlite ó scéim na gcártaí leighis €9,400; árachas réamhíoctha 3 mhí €3,600; caipiteal agus cúlchistí €508,000.

Ullmhaíodh an cuntas fáltas agus íocaíochtaí seo a leanas ar an 31/12/2024:

##### **Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí B. Nic Bheinéid don bhliain dar críoch an 31/12/2024**

| <b>Fáltais</b>                          | <b>€</b>       | <b>Íocaíochtaí</b>                          | <b>€</b>       |
|-----------------------------------------|----------------|---------------------------------------------|----------------|
| Iarmhéid sa bhanc 01/01/2024            | 11,400         | Ceannach soláthairtí fiaclóireachta         | 31,600         |
| Scéim na gcártaí leighis                | 55,200         | Speansais ghlantacháin                      | 4,800          |
| Fáltais ó othair phríobháideacha        | 109,700        | Teileafón agus leathanbhanda                | 5,200          |
| Ioncam Infheistíochta                   | 1,800          | Árachas (12 mhí)                            | 19,800         |
| Trealamh 01/05/2024<br>(costas €15,000) | 6,150          | Urraíocht                                   | 2,200          |
|                                         |                | Pá an fháilteora                            | 31,450         |
|                                         |                | Solas agus teas                             | 7,200          |
|                                         |                | Trealamh (a ceannaíodh ar an<br>01/05/2024) | 17,400         |
|                                         |                | Tarraingtí                                  | 55,000         |
|                                         |                | Iarmhéid sa bhanc 31/12/2024                | 9,600          |
|                                         | <b>184,250</b> |                                             | <b>184,250</b> |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Stoc soláthairtí fiaclóireachta ar an 31/12/2024, €9,800.
- (ii) Ní chuimsíonn an figiúr don bhanc táillí bainc €125 agus seic obtha €300 a fuarthas ó othar príobháideach agus a tugadh don bhanc mar chuid de lóisteáil ag deireadh mhí na Nollag.
- (iii) San áireamh san fhigiúr do tharraingtí, tá €1,200, pá 4 lá a íocadh le fiaclóir ionaid. Tá pá 3 lá sa bhreis air sin dlite fós don fhiaclóir ionaid.
- (iv) Meastar gur leis an gclinic a bhaineann 75% den solas agus den teas a úsáideadh agus go mbaineann an chuid eile le teach príobháideach Nic Bheinéid.
- (v) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:

|          |                           |
|----------|---------------------------|
| Clinic   | 2% dá chostas sa bhliain  |
| Trealamh | 20% dá chostas sa bhliain |

**Nóta:** Tá 3 bliana dímheasa carntha ar na sócmhainní seasta go dtí an 01/01/2024.

Is é an polasaí dímheasa maidir le trealamh ná dímheas a dhéanamh ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.

- (vi) Na táillí dlite ar an 31/12/2024 ó scéim na gcártaí leighis agus ó othair phríobháideacha ná €10,100 agus €2,300, faoi seach.  
Creidiúnaithe na soláthairtí fiaclóireachta ná €3,200 agus bhí €520 leictreachas dlite ar an 31/12/2024.

**Iarrtar ort:**

- (a) Cuntas ioncaim agus caiteachais/brabúis agus caillteanais don bhliain dar críoch an 31/12/2024 a ullmhú. (32)
- (b) Clár comhardaithe mar a bhí ar an 31/12/2024 a ullmhú. (20)
- (c) Mínigh gach ceann díobh seo a leanas agus luaigh an chaoi a gcaitear leo i gcuntais gnólachta seirbhíse:
  - (i) ráiteas cúlchistí.
  - (ii) cuntas sainchuspóireach brabúis agus caillteanais. (8)

**(60 marc)**

**ROINN 2 (200 Marc)**  
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

**5. Léirmhíniú ar Chuntais**

Baineadh na figiúirí thíos as cuntais deiridh Technik cpt., cuideachta in earnáil na teicneolaíochta faisnéise, don bhliain dar críoch an 31/12/2024. Tá scairchaipiteal údaraithe €2,000,000 ag an gcuideachta atá comhdhéanta de 1,300,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 700,000 scair thosaíochta 6% ar €1 each. Tá 900,000 gnáthscair agus 550,000 scair thosaíochta 6% eisithe ag an gcuideachta cheana féin.

| <b>Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch an 31/12/2024</b> |             |
|---------------------------------------------------------------------------------------|-------------|
| €                                                                                     | €           |
| Díolacháin                                                                            | 1,898,000   |
| Stoc tosaigh 102,500                                                                  |             |
| Stoc deiridh 127,500                                                                  |             |
| Costas earraí díolta                                                                  | (1,440,000) |
| Speansais oibriúcháin don bhliain                                                     | (212,000)   |
| Ús don bhliain                                                                        | (14,000)    |
| Glanbhrabús don bhliain                                                               | 232,000     |
| Díbhinní a íocadh                                                                     | (122,000)   |
| Brabús coinnithe                                                                      | 110,000     |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2024                                         | 125,000     |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2024                                         | 235,000     |

| <b>Cóimheasa agus eolas don bhliain dar críoch an 31/12/2023</b> |           |
|------------------------------------------------------------------|-----------|
| Tuilleamh in aghaidh na gnáthscaire                              | 30c       |
| Díbhinn in aghaidh na gnáthscaire                                | 8c        |
| Cumhdach úis                                                     | 15 uair   |
| Cóimheas fiorthástála                                            | 1.6:1     |
| Cumhdach díbhinne                                                | 3.75 uair |
| Toradh ar chaipiteal in úsáid                                    | 10.8%     |
| Giaráil                                                          | 42%       |
| Luach margaidh ar ghnáthscair amháin                             | €1.40     |

| <b>Clár Comhardaithe mar a bhí ar an 31/12/2024</b>                    |         |           |           |
|------------------------------------------------------------------------|---------|-----------|-----------|
| <b>Sócmhainní Seasta</b>                                               | €       | €         | €         |
| Sócmhainní doláimhsithe                                                |         |           | 350,000   |
| Sócmhainní inláimhsithe                                                |         |           | 1,150,000 |
| Infheistíochtaí (luach margaidh 31/12/2024 - €225,000)                 |         |           | 200,000   |
|                                                                        |         |           | 1,700,000 |
| <b>Sócmhainní Reatha</b> (féichiúnaithe €103,000 san áireamh)          |         | 369,500   |           |
| <b>Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin</b> |         |           |           |
| Creidiúnaithe trádála                                                  | 116,600 |           |           |
| Rótharraingt bhainc                                                    | 67,900  | (184,500) | 185,000   |
|                                                                        |         |           | 1,885,000 |
| <b>Maoinithe ag:</b>                                                   |         |           |           |
| Bintiúir 7%                                                            |         |           | 200,000   |
| <b>Caipiteal agus Cúlchistí</b>                                        |         |           |           |
| Gnáthscaireanna ar €1 an ceann                                         |         | 900,000   |           |
| Scaireanna tosaíochta 6% ar €1 an ceann                                |         | 550,000   |           |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais                                     |         | 235,000   | 1,685,000 |
|                                                                        |         |           | 1,885,000 |

Is é an luach margaidh ar ghnáthscair amháin ar an **31/12/2024** ná **€1.60**

**(a) Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh do 2024:**

(ba chóir an ríomh a dhéanamh go dtí **dhá** ionad dheachúlacha nuair is cuí).

**(i)** Díolacháin airgid más 2 mhí an mheántréimhse chreidmheasa a thugtar d'fhéichiúnaithe.

**(ii)** An toradh ar chaipiteal in úsáid.

**(iii)** Cumhdach úis.

**(iv)** An cóimheas idir praghas agus tuilleamh.

**(v)** Cumhdach díbhinne. (50)

**(b)** Cuir in iúl cé acu an mbeidh nó nach mbeidh na gnáth-scairshealbhóirí sásta le feidhmíocht agus staid reatha na cuideachta agus lena bhfuil i ndán di amach anseo. Bain úsáid as cóimheasa agus céatadáin ábhartha agus eolas eile chun tacú le do fhreagra. (40)

**(c)** Tá sé i gceist ag Technik cpt maoiniú breise €400,000 a bhailiú chun an gnólacht a fhairsingiú. Tá an dá rogha a leanas a mbreithniú acu:

- Gnáthscaireanna a eisiúint

- Bintiúr ar ráta 7% a eisiúint

**(i)** Déan anailís ar an tionchar a bheadh ag gach ceann de na roghanna ar chóimheas gearála Technik cpt.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na himpleachtaí a bhainfeadh le rogha amháin a roghnú thar an ceann eile do Technik cpt. (10)

**(100 marc)**

## 6. Taifid neamhiomlána.

Ar an 01/01/2024, cheannaigh D. Ó Ríordáin gnólacht ar €435,000 a chuimsigh na sócmhainní inláimhsithe agus na dliteanais seo:

Áitreabh €385,000 (talamh €50,000 san áireamh); stoc €28,900; féichiúnaithe €17,400; airgead tirim €600; árachas 4 mhí réamhíoctha ar an áitreabh €580; creidiúnaithe trádála €18,600; pá dlite €800.

Le linn 2024 níor choinnigh Ó Ríordáin sraith iomlán cuntas ach bhí sé in ann an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil ar an 31/12/2024:

|                            |                                                                                                                                                                                    |
|----------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Íocaíochtaí Airgid:</b> | Lóisteálacha €124,000, speansais ghinearálta €24,000, ceannacháin €66,500.                                                                                                         |
| <b>Íocaíochtaí Bainc:</b>  | Trealamh €48,000, creidiúnaithe €45,500, solas agus teas €13,600, ús €2,100, préimh bhliantúil árachais €3,600, buanordú do thabhartas carthanúil €3,200, veain seachadta €34,000. |
| <b>Lóisteálacha Bainc:</b> | Féichiúnaithe €44,200, airgead tirim €124,000, cíós 12 mhí €26,400, díbhinní €4,100.                                                                                               |

Gach seachtain, thóg Ó Ríordáin earraí dar luach €120 ón stoc agus €150 d'airgead tirim le haghaidh speansais teaghlaigh.

Thóg Ó Ríordáin €275,000 ar iasacht ar an 01/08/2024 agus úsáideadh cuid de sin chun áitreabh béal dorais a cheannach ar €240,000 (talamh €30,000 san áireamh). Bhí ús le gearradh de réir ráta 6% sa bhliain.

Aontaíodh go n-aisíocfaí an tsuim a fuarthas ar iasacht thar 10 mbliana ina 20 tráthchuid chothrom. Tá an chéad tráthchuid dlite ar an 01/02/2025.

Bhain an figiúir do chíós le trádstóras a lig Ó Ríordáin amach ar cíós ar an 01/08/2024.

Mheas Ó Ríordáin gur leis an gcuid phríobháideach den áitreabh a bhain 20% den ús iníoctha don bhliain agus 25% den solas agus den teas a úsáideadh.

Ar an 31/12/2024 díoladh ar cairde earraí ar luach díola €8,000, marcáil suas 25% ar chostas san áireamh. Seoladh sonrasc chuig an bhféichiúnaí ar an lá céanna. Ní dhearnadh iontráil ar bith sna leabhair maidir leis an mbeart sin agus níor seoladh na hearraí ón trádstóras go dtí 05/01/2025.

Shocraigh Ó Ríordáin soláthar in aghaidh drochfhiach a chur i bhfeidhm ar an 31/12/2024 i dtaca le 4% d'fhéichiúnaithe.

Tá an t-áitreabh le dímheas de réir ráta 2% sa bhliain.

Ar an 31/12/2024 rinneadh cinneadh an t-áitreabh a athluacháil ar €750,000.

San áireamh i sócmhainní agus i ndliteanais an ghnólachta ar an 31/12/2024, bhí: stoc €16,800 (stoc ola téite €800 san áireamh); féichiúnaithe €16,600; creidiúnaithe trádála €16,300; airgead tirim €960; leictreachas dlite €2,100.

**Iarrtar ort:**

- (a)** Cuntas trádála, brabúis agus caillteanais don bhliain dar críoch an 31/12/2024 a ullmhú, mar aon leis an oibriú amach. (52)
- (b)** An clár comhardaithe a ullmhú mar a bhí ar an 31/12/2024. (40)
- (c)** Modh amháin a úsáidtear chun cuntais a ullmhú le haghaidh taifid neamhiomlána ná modh an ghlanfhiúchais.
  - (i)** Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist leis an téarma glanfhiúchas.
  - (ii)** Sanaithin na teorainneacha a bhaineann le cuntais a ullmhú ó thaifid neamhiomlána. (8)

**(100 marc)**

## 7. Ráiteas Táblach

Léirítear staid airgeadais Seoighe Teo. ar an 01/01/2024 sa chlár comhardaithe seo:

| Clár Comhardaithe mar a bhí ar an 01/01/2024                    |         |                 |         |
|-----------------------------------------------------------------|---------|-----------------|---------|
|                                                                 | Costas  | Dímheas go dáta | Glan    |
| Sócmhainní Seasta                                               | €       | €               | €       |
| Talamh agus foirgnimh                                           | 580,000 | 36,000          | 544,000 |
| Veaineanna seachadta                                            | 92,000  | 41,000          | 51,000  |
|                                                                 | 672,000 | 77,000          | 595,000 |
| Sócmhainní Reatha                                               |         |                 |         |
| Stoc                                                            | 66,735  |                 |         |
| Féichiúnaithe (lúide soláthar 5%)                               | 65,265  | 132,000         |         |
|                                                                 |         |                 |         |
| Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin |         |                 |         |
| Creidiúnaithe                                                   | 57,000  |                 |         |
| Banc                                                            | 28,000  |                 |         |
| CBL                                                             | 1,000   |                 |         |
| Speansais dlite                                                 | 3,000   | 89,000          |         |
|                                                                 |         |                 | 43,000  |
|                                                                 |         |                 | 638,000 |
| Maoinithe ag:                                                   |         |                 |         |
| Caipiteal agus Cúlchistí                                        |         |                 |         |
| Údaraithe – 800,000 gnáthscair ar €1 an ceann                   |         |                 |         |
| Eisithe – 450,000 gnáthscair ar €1 an ceann                     |         | 450,000         |         |
| Scairbhiseach                                                   |         | 52,000          |         |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais                              |         | 136,000         | 638,000 |
|                                                                 |         |                 | 638,000 |

## Rinneadh na bearta seo a leanas le linn 2024

- Ean. (i) Cheannaigh Seoighe Teo. gnólacht béal dorais ar an 01/01/2024. San áireamh ansin, bhí:  
Foirgnimh €210,000; veaineanna seachadta €55,000; féichiúnaithe €13,000; creidiúnaithe €9,500.  
Glanadh an praghas ceannaigh trí 250,000 scair in Seoighe Teo. a thabhairt don díoltóir ar bhiseach 25c an scair.
- (ii) Bheartaigh an bhainistíocht gur cheart an soláthar in aghaidh drochfhiach a choigeartú go 4% de na féichiúnaithe ar an 31/01/2024.
- Márta Rinneadh veain seachadta, a chosain €26,000 agus a raibh glanluach €11,750 aige de réir na leabhar, a thrádáil isteach in aghaidh veain nua a chosain €47,000. Fuarthas lamháltas €13,500 ar an tsean-veain.
- Beal. Fuarthas ráiteas bainc ag deireadh mhí na Bealtaine a léirigh dochar díreach €5,100 chun rátaí don bhliain dar críoch an 31/05/2024 a chlúdach agus fuarthas aistriú creidmheasa €7,900 chun cíós infhaighte 10 mí a chlúdach roimh ré ón 01/06/2024.
- Meith. (i) Íocadh díbhinn 5 cent in aghaidh na scaire ar na scaireanna eisithe go léir.
- (ii) Shocraigh Seoighe Teo. an talamh agus na foirgnimh a athluacháil ar €900,000.
- Iúil (i) Ghlac creidiúnaí a raibh €8,500 dlite dó ó Sheoighe Teo. le veain seachadta dar luach €9,000 de réir na leabhar, mar íocaíocht iomlán ar an bhfiach. Chosain an veain seachadta sin €12,000.
- (ii) Fuarthas €110,000 as an gcuid eile de na scaireanna a eisiúint.
- D.Fómh. Fuarthas íocaíocht €1,200 ó M. Ó hUallacháin, féichiúnaí, ar díscríobhadh a fhiach roimhe seo agus ar mian leis anois trádáil le Seoighe Teo. arís. Is ionann sin agus 75% den bhunfhiach agus tá sé geallta ag an bhféichiúnaí go n-íocfaidh sé an chuid eile den fhiach i mí Eanáir 2025.
- Ar an lá céanna, díoladh ar cairde earraí dar luach €3,075. San áireamh san fhiigiúr sin, tá CBL 23% agus marcáil suas 25% ar chostas.
- Samh. Cuireadh ar ais earraí a díoladh cheana ar €984. San áireamh san fhiigiúr sin, tá CBL 23% agus marcáil suas 25% ar chostas. Eisíodh nóta creidmheasa leis an gcustaiméir.
- Nollaig Gearrtar an muirear dímheasa ar veaineanna seachadta de réir ráta 20%. Gearrtar dímheas bliana iomláine sa bhliain a nglactar seilbh ar an veain agus ní dhéantar aon dímheas i mbliain a dhiúscartha.
- Is é an muirear dímheasa iomlán ar fhoirgnimh don bhliain ná €9,300.

### Iarrtar ort:

Úsáid a bhaint as **leathanach amháin den stáiseanóireacht chuntasaíochta** agus breac síos i ráiteas táblach an tionchar a bhí ag gach ceann de na bearta thuas ar gach sócmhainn agus dliteanas ábhartha, agus déan na sócmhainní agus na dliteanais iomlána ar an 31/12/2024 a oibriú amach.

(100 marc)

**ROINN 3 (80 Marc)**  
Freagair ceist **AMHÁIN**

**8. Costáil Imeallach**

Déanann Ceanannas Teo. aon táirge amháin. Seo thíos cuntas brabúis agus caillteanais na cuideachta mar a bhí don bhliain dar críoch an 31/12/2024, tréimhse inar táirgeadh agus inar díoladh 42,000 aonad, mar a leanas:

|                           | €       | €         |
|---------------------------|---------|-----------|
| Díolacháin (42,000 aonad) |         | 1,528,800 |
| Ábhair                    | 537,600 |           |
| Saothar díreach           | 361,200 |           |
| Forchostais mhonarchan    | 136,500 |           |
| Speansais riaracháin      | 95,700  |           |
| Speansais díola           | 90,000  | 1,221,000 |
| Glanbhrabús               |         | 307,800   |

Is costais athraitheacha iad na hábhair, an saothar díreach agus 20% d'fhorchostais na monarchan. Seachas coimisiún díolachán 5% de dhíolacháin, is costais sheasta iad na speansais riaracháin agus díola.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh:**

- (a) Pointe cóimheá agus lamháil sábháilteachta na cuideachta.
- (b) An líon aonad is gá a dhíol in 2025 má tá an chuideachta chun a glanbhrabús a mhéadú de 25% ar fhigiúr 2024, agus glac leis nach dtiocfaidh aon athrú ar an bpraghas díola, ná ar leibhéil ná ar chéatadáin na gcostas.
- (c) An brabús a dhéanfaidh an chuideachta in 2025 dá laghdódh sí an praghas díola in aghaidh an aonaid go €34, dá méadóidh sí na costais fógraíochta de €13,000 agus ar an mbealach sin, dá ndéanfaí líon na n-aonad díolta a mhéadú go 45,000, gan aon athrú ar leibhéil ná ar chéatadáin na gcostas eile go léir.
- (d) An praghas díola is gá don chuideachta a ghearradh in aghaidh an aonaid in 2025 má thagann méadú 10% ar chostais sheasta ach má fhanann líon na ndíolachán agus an brabús mar a chéile.
- (e) An líon aonad is gá a dhíol ar €35 in aghaidh an aonaid chun go ndéanfar brabús 10% den ioncam díolachán a fhaightear ar na haonaid chéanna sin.
- (f)
  - (i) Mínigh a bhfuil i gceist leis an téarma anailís íogaireachta agus tabhair sampla.
  - (ii) Mínigh a bhfuil i gceist le costais chéimsheasta.
  - (iii) Tarraing sceitse garbh de chostas céimsheasta go garbh agus bain úsáid as na híocaíochtaí cíosa seo a leanas:

|                          |        |         |         |         |
|--------------------------|--------|---------|---------|---------|
| Cíos €                   | €5,000 | €15,000 | €25,000 | €35,000 |
| Aschur in aonaid (mílte) | 0-10   | 10-20   | 20-30   | 30-40   |

**(80 marc)**

## 9. Buiséadú

Chríochnaigh Seinicín Teo. a réamhaisnéis bhliantúil díolachán le déanaí don bhliain dar críoch an 31/12/2026. Tá siad ag súil le dhá tháirge a dhíol – Scáthaithe ar €240 agus Glan ar €320. Tá méadú 10% le cur i bhfeidhm ar na stoic go léir óna leibhéil tosaigh faoi 31/12/2026 agus tá siad á luacháil de réir mhodh TITA (FIFO).

|                     | Scáthaithe   | Glan        |
|---------------------|--------------|-------------|
| Díolacháin ionchais | 12,800 aonad | 9,600 aonad |

Meastar gur mar seo a bheidh stoic na n-earraí críochnaithe ar an 01/01/2026:

|            |                           |
|------------|---------------------------|
| Scáthaithe | 720 aonad @ €200 an ceann |
| Glan       | 580 aonad @ €280 an ceann |

Úsáidtear na hamhábhair agus an saothar oilte céanna sa dá tháirge ach i gcainníochtaí éagsúla in aghaidh an aonaid mar seo a leanas:

|               | Scáthaithe       | Glan               |
|---------------|------------------|--------------------|
| Ábhar X       | 4 kg             | 6 kg               |
| Ábhar Y       | 5 kg             | 3 kg               |
| Saothar oilte | 6 uair an chloig | 9 n-uair an chloig |

Meastar gur mar seo a leanas a bheidh na stoic amhábhar ar an 01/01/2026:

|         |                        |
|---------|------------------------|
| Ábhar X | 6,400 kg @ €3.40 an kg |
| Ábhar Y | 5,100 kg @ €5.50 an kg |

Meastar gur mar seo a leanas a bheidh praghsanna na n-amhábhar le linn 2026:

|         |             |
|---------|-------------|
| Ábhar X | €3.50 an kg |
| Ábhar Y | €6.50 an kg |

Meastar gur €17 in aghaidh na huaire an ráta saothair oilte.

Meastar gur mar seo a leanas a bheidh na forchostais táirgeachta:

|              |                                              |
|--------------|----------------------------------------------|
| Athraitheach | €8.50 in aghaidh na huaire de shaothar oilte |
| Seasta       | €656,616 in aghaidh na bliana                |

### Iarrtar ort:

- (a) Buiséad táirgeachta a ullmhú (ina aonaid).
- (b) Buiséad ceannachán amhábhar a ullmhú (ina kg agus ina €).
- (c) Buiséad costas táirgeachta/déantúsaíochta a ullmhú.
- (d) Cuntas trádála buiséadaithe a ullmhú (iarrtar ort costas aonaid an stoic dheiridh bhuiséadaithe a ríomh don dá tháirge).
- (e) (i) Mínigh an téarma príomhthoisc bhuiséid agus tabhair breac-chuntas ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar tháirgeadh.  
(ii) Mínigh an téarma costas dorialaithe agus tabhair sampla.

(80 marc)

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an  
leathanach seo

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an  
leathanach seo

### **Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraíthe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

## **Cuntasaíocht**

Dé Céadaoin, 18 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 – 5:00